# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Laidin

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**An Ardteistiméireacht. Laidin – Ardleibhéal 2018---Scéim Mharcála**

**1.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B sa cheist seo:- **[75]**

*Cuirfear scéim mharcála dhearfach i bhfeidhm. Bronnfar marcanna ar iarrthóirí i ndáil le gach focal a aistreofar go cruinn. Leithroinnfear idir leathmharc (1/2) agus trí mharc (3).*

**A.** Cuir Laidin air seo a leanas:-

½ 2 1 2 1 1 1 ½ 2 ½ 1
Ar theacht an chonsail, d'fhág Hannabal críoch bhaile Nola agus thug sé aghaidh ar an bhfarraige
½ 1 2 2 1 ½ ½ ½
in aice le Napoli. Theastaigh uaidh seilbh a fháil ar bhaile cois cósta ionas go bhféadfadh a chuid
1 2 ½ ½ 1 ½ ½ 3 1 3 1/2
long seoladh go sábháilte ón Afraic. Ach nuair a cuireadh in iúl dó go raibh Napoli gafa ag na
1 2 ½ 2 1 1 2
Rómhánaigh bheartaigh sé gan dul chuig an gcathair. Chuir sé Nocera faoi léigear ar feadh
½ ½ ½ ½ 2 ½ 1
tamaill fhada ansin agus faoi dheireadh fuair sé a géilleadh [i.e. géilleadh Nocera];
2 2 1 ½ ½ ½ ½ 2
gheall sé go bhfaigheadh na saoránaigh uile saoirse. Ansin, toisc gur theastaigh uaidh, de réir
2 ½ 1 ½ 1 2 1 ½
cosúlachta, a bheith cairdiúil le háitritheoirí uile na hIodáile, thairg sé luachanna saothair dóibh
½ ½ 2 ½ 2 1
siúd ar fad a gheall go dtroidfidís ar a shon.

**Nó**

**B.**

- **(i)** An meas mór a bhí ar mhuintir na Róimhe **(3);** a dhílseacht **(3)** a cheartas **(3)** (glactar le measarthacht freisin)
- **(ii)** Thuig sé go ngortódh sé Diviciacus **(4)** **nó** trí phionós a chur ar Dumnorix **(4)**
- **(iii)** D'ordaigh sé go dtabharfaí Diviciacus chuige **(4)**
- **(iv)** Ba é a chara é **(4)** a raibh muinín aige as i dtaobh gach aon ní **(3)**
- **(v)** Dúirt sé leis na rudaí a dúradh faoi Dumnorix i gcruinniú leis na Gallaigh **(4)** agus an méid a dúirt gach aon duine acu **(4)**
- **(vi)** Go mbeadh triail ann **(3)** agus go dtabharfadh sé breithiúnas ar a dheartháir **(4)**
- **(vii)** Chaoin sé agus rug sé ar Caesar **(4)** agus d'impigh sé ar Chaesar gan breithiúnas dian a thabhairt ar a dheartháir **(4)**
- **(viii)** Go raibh na rudaí sin (a dúradh) fíor **(4)**
- **(ix)** Chuaigh an grá a bhí aige dá dheartháir i bhfeidhm air **(4)**
- **(x)** Go mbeadh na Gallaigh ina choinne **(8)**
- **(xi)** Mar chara/chroith sé lámh leis **(3)**
- **(xii)** Ghair sé Dumnorix chuige **(3)** Dúirt sé go raibh sé chun na coireanna a rinne sé cheana a mhaitheamh dó **(3)** le teann measa ar a dheartháir **(3)**

**C2. A 130) Cuir Gaeilge ar dhá shliocht ar bith:**

(i) tum…..euntis 6/ haeret…..fatur 7/ o…..annos 6/ qualis…..stravi 7/ scutorumque…..acervos 6/ at vos…..Juppiter 7 / Arcadii…..preces 10/ si…..reservant 10/ si…..oro 6.

(ii) ventus…..amanti 7/ solvor…..tuo 6/ lingua…..reliquit 7/vix…..vale 6/ incubuit…..tetendit 7/ iamque…..erat 6/ dum…..iuvabat 7/ sumque…..meis 6/ ut…..videre 7/ vela…..meos 6.

**B.**

(i) Hannibal…..positis 5/ ceteros…..iubet 9/ Iam…..erat 4/cumt…..castris 6/ signum….dedit 3 / Quod…….vidit 7/ extemplo…..erupit 9/ pugna…..fuisset 6/ si…..sivisset 4/ nox…..diremit 6/ Itaque…..caedes 6.

(ii) Lugent…..populi 6/regnai…..expostulant 6/locus…..reconditus 6/quod…..pervaserit 6/ sustinere…vim 6/ non…..potest 8/ in….iudicium 8/ cum…..deerunt 8/ sed…..liberabuntur 11.

**C3 A. (i) (60) Aistrigh**

Quam…..animadvertit 6/ advocata…..esset 6/ magno…..resederat 5/ excitaret…..solet 10/ Fuit…..mirabilis 3/ sed……compositus 5/ pleraque…..agens 9/ sive…..animi 3/ sive…..exsequerentur 7/ Ad…..sumpsit 6.

**(ii) (30) Freagair trí cheist ar bith**

(a) 5 + 5
(b) 5 + 5
(c) 5 + 5
(d) (3+2) + (3+2)
(e) 5 + 5

**Nótaí Táscacha**—D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo:

**3A.**
**(a) Measúnú Livias ar charachtar Scipio—**nuair a tháinig sé go Tarraco, léirigh sé muinín agus teanntás sa chaoi ar fhreagair sé na teachtaí; bhí cáil mhór air in Tarraco as eagla a chur ar an namhaid.
**(b) Capua—**Dhá phointe ar bith maidir le Capua ó Leabhar 26; an chaoi ar léirigh na Rómhánaigh an-diongbháilteacht nuair a bhí an chathair faoi léigear ach nár éirigh go maith le Hannibal í a chosaint; D'fhág Hanibal Capua sa bhearna bhaoil agus cuireadh an baile faoi ghéilleadh le gorta.
**(c) Hannabal mar ghinearál—**glic mar a léiríodh leis an oirbheart a d'úsáid sé nuair a d'ionsaigh sé an Róimh chun na Rómhánaigh a mhealladh ó Capua; cruálach mar a léiríodh sa chaoi ar fhág sé saoránaigh Capua gan cosaint láidir.
**(d) Vibius Virrius—**tionscnóir éirí amach Capua in aghaidh na Róimhe; dúirt sé le muintir Capua gur beag seans a bhí ann go mbeadh an géilleadh do na Rómhánaigh síochánta. **Léigiún na Róimhe—**bhíodh an marcshlua chun tosaigh agus ar an dá thaobh; idir eatarthu, bhíodh dhá líne de chúig chohórt ina raibh meascán de shaighdiúirí coise agus marcraí; taobh thiar den phríomhghrúpa, bhíodh feadhna éadroma agus seacht n-aonad cúltaca. **Comitia Centuriata—**tionól na gcéadta ina raibh na daoine roinnte; réitigh an tionól ceisteanna síochána agus cogaíochta; toghadh giúistísí agus reáchtáladh trialacha tréasa.
**(e) Livias mar staraí—**níor scríobh sé mórán maidir le dálaí sóisialta ná eacnamaíocha; dhírigh sé den chuid ba mhó ar an bpolaitíocht agus ar an gcogaíocht; ní raibh sé cruinn ná eolaíoch; ní raibh sé ar a chumas a bheith neamhchlaonta mar gheall ar an tírghrá a bhí aige.

**3B. (i) (60) Aistrigh**

continuo….. primo 8/ quos…..acerbo 8/ hos…..mortis 4/ nec…..sedes 5/ quaesitor…..movet 3 / ille…..discit 5/ proxima…..loca 3/ qui…..anima 9/ quam…..labores 7/ fas…..coercet 8.

**(ii) (30) Freagair trí cheist ar bith**

(a) 5+ 5
(b) 5 + 5
(c) 5 + 5
(d) 5 + 5
(e) (3+2) + (3+2)

**Nótaí Táscacha**—D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo:

**3B (ii)**

**(a) Cruinniú Aeinéas le Díodó**—d'fhéadfadh sé gur chuir an plé ar a chiontaí agus a bhraith Aeinéas as Díodó a thréigean fonn air na fáthanna a bhí aige le himeacht a mhíniú—léirigh sé go raibh cion mór ag Aeinéas ar Dhíodó; léirigh an chaoi ar dhiúltaigh Díodó labhairt le hAeinéas agus an chaoi ar fhág sí go feargach a ghortaithe agus a bhí sí agus a dhiongbháilte is a bhí sí nach labhródh sí leis.
**(b) Sleachta áille fileata báúil—**cur síos ar an áit mar a bhfuil cónaí ar bhrionglóidí bréagacha—crann mór leamháin le craobhacha foscúla; cur síos ar abhainn Acheron agus an chaoi ar thug Charon na hanamacha trasna na habhann. Léiríodh bá leis na hanamacha a raibh orthu imeacht ar an bhfáin le céad bliain; léiríodh comhbhá mór le Palinurus as an anró a d'fhulaing sé.
**(c) Carachtar Aeinéas**—diongbháilte sa chaoi is gur lean sé ar aghaidh d'ainneoin na mbac a bhí roimhe dul isteach sa domhan thíos; bhí sé críochnúil sa chur chuige a bhí aige mar a léiríodh nuair a d'éiligh sé go n-urramófaí na deasghnátha cearta sochraide i dtaobh anam Misenus.
**(d) Beatha iarbháis—**Fuair Veirgil inspioráid ó scríbhneoirí na Gréige dá smaointe faoin saol tar éis an bháis; aimsíonn sé an bealach isteach chuig an domhan thíos in áit ar leith in aice le Bá Napoli; léiríonn sé an tuiscint a bhí ann sa am gur thuill saol maith luach saothair tar éis an bháis.
**(e) Palinurus—**bhuail sé le hAeinéas sa domhan thíos; fear stiúrach Aeinéas a chuaigh thar bord; tháinig sé slán ón bhfarraige ach maraíodh é nuair a tháinig sé i dtír. **Aibhneacha Háidéis—**ainm abhann ar bith; bhí anamacha ag iarraidh an Stiocs a thrasnú chun Páirceanna Éilise a shroicheadh; chuaigh an abhainn Acheron thar bruach agus cruthaíodh Loch Avernus. **Oirféas—**Tráiciach a raibh cáil air as an lir a sheinm; d'fhéadfadh sé béisteanna a chur faoi gheasa lena cheol; chuaigh sé chuig Háidéas chun a bhean chéile mharbh, Proserpina, a fháil ar ais. **An Chraobh Órga—**d'úsáid Aeinéas í mar phas chun dul isteach sa Domhan Thíos agus an Stiocs a thrasnú; níl dhéantar ach tagairt amháin di sa litríocht chlasaiceach; creideann daoine áirithe gur miotas amach is amach atá ann agus creideann daoine eile go dtagraíonn sí don drualus.

**C4**. (i) 4+3+3. (10)

(ii) (2+1+1) suas go 10 ar a mhéad. (2+2 le haghaidh patior) (10)

(iii) Meadaracht 2 mharc. -2 le haghaidh siollaí ar bith atá mícheart (10)

**C5. (75) Freagair trí cheist – ceist amháin ar a laghad as gach roinn**

**A**.
(i) Trí chúinse (7+6+6); Tábhacht Agrippa—pointe maith amháin -6.

(ii) Plé (7+6+6). Torthaí imeachta (6)

(iii) (7+6) + (6+6)

**B**.
(i) Saol 4+3+3. Saothar 4+3+3. Saothair lena léirítear léargas ar an saol- 5

(ii) 9 +8 +8 – ní mór go ndéanfadh pointe amháin ar a laghad tagairt do stair na Róimhe/gnáthshaol na Róimhe.

(iii) (a) Tógáil 5, feidhm 4; eiseamláir tipiciúil de na Rómhánaigh-4.
(b) Gnéithe d'amharclanna (5/4+4) ní mór tagairt a dhéanamh don ghrianghraf; difríocht idir an amharclann agus an t-aimfitéatar- 4.
(c) Dhá phointe ar theicnící 5/4+4; tagairt dó seo agus do mhósáic amháin eile 2+2.

**Nótaí Táscacha**—D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo:

**5A.**

(i) **Ágastas—**cur síos ar na cumhachtaí a fuarthas sa Chéad agus/nó sa Dara Lonnaíocht; an chaoi ar roinn Ágastas na proibhinsí; an chaoi ar mheall sé an seanad agus na daoine; an chaoi ar chaomhnaigh sé na seantraidisiúin agus seanchreidimh; clár tógála; athchóirithe sóisialta. **Agrippa—**ceapadh ina chonsal é tar éis Actium; tar éis argóint a bhí aige le Ágastas, cuireadh chuig an tSiria é ach dhiúltaigh sé imeacht agus chuir sé a leagáid ann; nuair a bhásaigh Marcellus tugadh ar ais é tar éis an Dara Lonnaíocht; tugadh cumhachtaí níos mó dó lena n-áirítear imperium leaschonsalach.
(ii) **Tibir—**fíricí ar bith amhail an chaoi ar tháinig sé i gcumhacht; an chaoi a ndeachaigh an tslí ar chaith Ágastas leis i bhfeidhm air; beartas eachtrach; trialacha tréasa; ról Séánas. **Imeacht go Capri—** léirigh sé an easpa suime a bhí ag Tibir sa rialú; tháinig rath ar Shéánas; réim an uafáis a bhí ann ina dhiaidh sin.
(iii) **Titus—**an-iontaofa sa chaoi ar chríochnaigh sé an feachtas in aghaidh Iarúsailéim; chaith sé go flaithiúil leis na daoine ar bhuail an tine sa Róimh agus brúchtadh na Veasúive iad; flúirse ráflaí faoin saol príobháideach millteanach a bhí aige. **Domitian—**an-mheáite ar cháil a bhaint amach dó féin toisc gur choinnigh a athair Veaspáisian sa chúlra é; uaillmhianach, mar a taispeánadh ina ionradh ar an mBreatain faoi Agricola; bhí an-ghean ag an arm agus ag na daoine air ar dtús; d'éirigh sé an-duairc agus amhrasach faoi chomhcheilg agus bagairtí ina choinne; thosaigh sé réimeas scéine a raibh a dhúnmharú ina thoradh air ar deireadh. **Galba—**Dúirt Tacatas go raibh ar a chumas rialú; léirigh sé ina dhiaidh sin gur duine gránna amaideach a bhí ann nuair a dhiúltaigh sé an gnáthdheonachán a thabhairt do shaighdiúirí. **Feachtas Dáiciach Thráian—**sonraí ar bith faoi aon cheann de na feachtais Dháiciacha nó ar an dá cheann; na cúiseanna a bhí leis an gcéad chogadh; toradh na gcogaí.

**5B.**

**(i) Cicearó—saol—**de bhunadh teaghlach haibhir eachaíochta; rugadh in Arpinum é; óráidí, polaiteoir, fealsamh agus dlíodóir den chéad scoth a bhí ann; ba dheargnaimhaid le hIúil Caesar agus Marc Anthony é; consal in 63 RC. **Saothair—**Déanann Caitilíne cur síos an-sonrach ar na hullmhúcháin a rinneadh don éirí amach in 63 RC agus an chaoi a raibh Cicearó ríthábhachtach sna ceannairí a ghabháil.
**Horáit—saol—**rugadh in 65 RC é; file liricí den scoth i Laidin; bhí sé ar an taobh a chaill cath Fhilipe; chaill sé eastát a athar tar éis an chatha; ar phárolla Maecenas.**Saothair**—Chuaigh Horáit le Maecéanas ar thuras chuig Brundisium agus scríobh sé dán faoi na heachtraí a tharla dóibh ar an mbealach.
(ii) **Ailtireacht Rómhánach—**trí ghné a léiríonn dealbhóireacht rilífe lena léirítear stair na Róimhe agus an gnáthshaol sa Róimh—Ara Pacis—léiríonn sé idir an stair agus an gnáthshaol; Colún Thráian; íochtar áirse Thítis—nó samplaí ar bith eile.
(iii) (a) **Áirsí an Bhua—**baint ag an tógáil le droichid agus uiscerianta; d'fhéadfadh sé go bhfuarthas an smaoineamh ó na hÉatrúscaigh; chuaigh áirsí na Gréige i bhfeidhm orthu freisin; tógadh go minic trasna bóithre iad; dhá phiara a bhfuil áirse eatarthu agus barrthógáil uirthi. Ba leacht oinigh a bhí ann; d'úsáidtí uaireanta mar chuid de mhórshiúlta bua iad. Tipiciúil—tagairt d'fhoirgnimh eile sa Róimh, do cheiliúradh sa Róimh nó d'impiriúlachas.
(b) **Amharclanna Rómhánacha—**gnéithe amhail an taobh amuigh; áirsí a úsáid; ceolfhoireann; stáitse; scaena frons—tagairt don ghrianghraf i dtaobh sampla amháin ar a laghad. Difríochtaí idir an amharclann agus an t-aimfitéatar—difríochtaí struchtúracha nó feidhmeacha.
(c) **Mósáicí Rómhánacha—**d'úsáidtí píosaí beaga gloine nó cloiche sna teicnící; rinneadh cruthanna éagsúla as clocha móra freisin; d'úsáidtí marmar agus aolchloch den chuid is mó; opus vermiculatum—a d'úsáidtí ar tesserae beaga; d'úsáidtí píosaí níos mó do opus tesselatum; léiríonn mósáic na n-iasc an teicníc vermiculatum mar go mbíodh deis ag an ealaíontóir saothar dathúil mionsonraithe a dhéanamh; tagairt do mhósáic ar bith eile.